Cork City Council
Comhairle Cathrach Chorcaí

Nuacht na Cathrach

Fómhar/Geimhreadh 2008 Eagrán 2

Fáilte chuig an eagrán seo de Nuacht na Cathrach.
Is foilseachán é seo le Comhairle Cathrach Chorcaí a dháiltear ar gach teach sa chathair.
mar chuid den dualgas leanúnach atá orainn chun na seirbhísí atá ar fáil ó Chomhairle Cathrach Chorcaí a chur in iúl don phobal agus an obair a dhéanaimid ar do shon.

An tArdmhéara,
An Comh. Brian Mac Fheorais

Athchóiriú Theach Rinn Mhachan, An Charraig Dhubh

Bhí Dr. Margaret Heffernan, Stiúrthóir, Dunnes Stores, mar aoi speisialta ag Teach Rinn Mhachan Dé Máirt 30 Meán Fómhair, 2008, mar chomhartha aitheantais ar thacaíocht fhlaithiúil na cuideachta agus athchóiriú á dhéanamh ar Theach Rinn Mhachan. .
Beidh Teach athchóirithe Rinn Mhachan ann mar chonláiste don phobal agus le béim faoi leith ar sholáthar seirbhísí do dhaoine aosta.
Cuirfidh Teach Rinn Mhachan seirbhísí ar fáil agus oiliúint don óige.
Lonnóidh CGO Chathair Chorcaí Clár Fo-rochtana na nÓg sa teach le réimse seirbhísí á soláthar do dhaoine óga. Tógadh 16 aonad lóistín sa iomlán le haghaidh daoine aosta in aice le Teach Rinn Mhachan agus is amhlaidh go n-oibreoidh Comhairle Cathrach Chorcaí lámh ar lámh le SHARE agus seirbhísí tacaíochta á soláthar d'aosaigh.

Teachtaireacht na Nollag ón Ardmhéara

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun Nollaig Mhaith Bheannaithe a ghuí ar mhuintir Chorcaí agus go raibh Bliain Úr faoi Shéan acu. Beannachtaí na Féile oraibh go léir.

Bí ar d'aire faoi bhréagchuairteoirí

D'eisigh Comhairle Cathrach Chorcaí rabhadh don phobal a bheith ar aire faoi bhréagchuairteoirí ar thithe sa chathair. Tháinig sé faoi bhráid Chomhairle Cathrach Chorcaí go bhfuil bréagchuairteoirí ag feidhmiú sa chathair a mhaíonn gur as Rannóg na Seirbhíse Uisce i gComhairle Cathrach Chorcaí iad.

Molann Comhairle Cathrach Chorcaí don phobal a bheith ar aire faoi chuairteoirí den chineál seo agus cuireann in iúl don phobal go mbíonn Cártaí Oifigiúla Aitheantais a eisíonn an tOifigeach Pearsanra agus Cártaí Údaraithe á n-iompar ag fostaithe Seirbhísí Uisce Chomhairle Cathrach Chorcaí de réir Acht na Seirbhísí Uisce, 2007.

Ní mór na Cártaí seo Aitheantais agus Údaraithe a thaispeáint nuair a iarrtar iad. Tá uimhir ghutháin ar an gCárta Oifigiúil Aitheantais lenar féidir leat teagmháil a dhéanamh chun na sonraí a chinntiú dá mba mhian leat é.

Molann Comhairle Cathrach Chorcaí don phobal aitheantas den chineál seo a lorg sula dtugann siad cead isteach d'fhostaithe Chomhairle na Cathrach ina mbailte nó sealúchais.

Muna dtaispeántar aitheantas den chineál seo níor chóir duit cead isteach a thabhairt agus ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí áitiúla chun iad a chur ar an eolas faoin a bhfuil ag cur imní ort.

Clár na dToghthóirí

Toghcháin Áitiúla agus na hEorpa 2009.....an bhfuil tú cláraithe?

Tá Dréachtchlár na dToghthóirí do Chorcaigh ar taispeáint faoi láthair i Stáisiúin Ghardaí, in Oifigí Poist, i Leabharlanna, agus in Oifigí Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí.

Má tá tú 18 bliain d'aois nó níos sine ba chóir duit seiceáil go bhfuil d'ainm agus do sheoladh ann agus cruinn ar an Dréachtchlár, agus más amhlaidh go bhfuil earráid ann cuir in iúl do do Chomhairle Cathrach nó Contae.

Le seiceáil a dhéanamh go bhfuil tú cláraithe is féidir leat:

- glao a chur ar Rannóg an Toghchórais, Comhairle Cathrach Chorcaí (*má tá cónaí ort sa chathair*) 021/4924107;
- seiceáil ar líne www.corkcity.ie/ **Clár na dToghthóirí**; nó
- seiceáil ar líne ag www.checktheregister.ie

Tá Foirmeacha Iarratais le bheith curtha ar Fhorlíonadh an Chláir ag:

- Stáisiúin Ghardaí, Oifigí Poist agus i Leabharlanna
- An Deasc Fáilthe, Halla na Cathrach
- Rannóg an Toghchórais, Comhairle Cathrach Chorcaí, Halla na Cathrach
  (teil: 021 4924107 / 4108 / 4109 nó cuir r-phost chuig franchise@corkcity.ie)

Céiliúradh na Nollag ar Shráid an Chapaill Bhuí

Beidh *Ceiliúradh na Nollag ar Shráid an Chapaill Bhuí*, eagraithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí, sa Mórpharáid nuachóirithe thar thrí dheireadh seachtaine ag druidim leis an Nollaig – 5ú/8ú, 12/14ú agus 19ú/22 Nollaig. Cruthaíonn *Ceiliúradh na Nollag ar Shráid an Chapaill Bhuí*, an-atmaisféar na féile sachathair agus leis, tá margadh bia faoin spéir, ollphobal ceirde taobh istigh, earraí de gach cineál ar díol ó bhíor-róist go seacláid the, subha na féile go pióga mionra, réimse iontach d'ealaíona agus ceardaíocht, taispeántais ó réimse leathan de chóir agus amhránaithe carúl agus ceol ó chuid de na mórbhannaí is cáiliúla i gCorcaigh – agus é uile faoin soilsiú a dhearaigh Peter Kelly ó Weddings by Franc.

CORK CITY MARATHON
CATHAIR CHORCAÍ

An Luan Lá Saoire Bainc
1 Meitheamh 2009
Is féidir le hiomaitheoirí dul isteach sa rás Maratóin ar líne ag www.corkcitymarathon.ie.

Dámhachtainí

Dámhachtainí Nuálaíochta Rialtais Vodafone 2008

Bhain an suíomh Gréasáin Access Cork www.accesscork.ie an duais don Tionscnamh is Fearr - Seirbhísí do Shaoránaigh i nDámhachtainí Nuálaíochta Rialtais Vodafone 2008 a bhí ann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 9 Deireadh Fómhair 2008. Séard atá á lorg ag na Dámhachtainí, a mbronnann Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit ag Roinn An Taoisigh, Pat Carey TD, iad, ná barrfheabhas agus cruthaitheacht a aithint maidir le tionscnaimh nuálacha san earnáil phoiblí. Cuireann suíomh Gréasáin Access Cork www.accesscork.ie eolas ar fáil a chuidíonn le daoine faoi mhíchumas, a dteaghlaigh agus a gcairde, chun siopaí, bialanna, tithe tábhairne, lóistín agus áiteanna siamsaíochta inrochtana a aithint i gcathair Chorcaí.

Comhairle Cathrach Chorcaí, buaiteoirí an Tionscadail is Fearr - Seirbhísí do Shaoránaigh
Tony Power, An Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontair, Ruth Buckley, Ceannaire ar Chórais Faisnéise agus Eileen O'Leary, Córais Faisnéise

Jerry Moynihan agus John Twomey, Stiúrthóireacht Comhshaoil , Comhairle Cathrach Chorcaí. Bhain An Tionscadal Lifetime Lab Duais Fiúntais i gCatagóir an **Tionscadail Phobail is Fearr**.

Rinneadh suíomh Gréasáin Access Cork a ghearrliostáil le haghaidh na nDuaiseanna **Inspired IT – Catagóir an Rialtais**. Bhí Searmanas na nDuaiseanna, ar fhreastail Donie O'Leary, Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí & Al Devine, Rannóg I.S, Comhairle Cathrach Chorcaí air, ar siúl ar an 9 Deireadh Fómhair i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath.

Ainmníodh Comhairle Cathrach Chorcaí freisin le haghaidh:

- **Duaiseanna Chambers Ireland 2008** – "Energy Optimisation" - tionscadal a bhaineann le caomhnú fuinnimh .
- **Duaiseanna Glasa 2008** – Tionscadal Tionscnaimh Iompair Ghlais (bithdhíosal)
- **Duaiseanna Rialtais Áitiúil, Chomhairle Cathrach & Chontae 2009** – Barrúsáid Meán Cumarsáide Seachtraí. (www.corkcity.ie/news)

Duaiseanna um Barrfheabhas i Rialtas Áitiúil 2008

Bhronn Chambers Ireland, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Duais ar son Barrfheabhais i Rialtas Áitiúil ag Searmanas i mBaile Átha Cliath ar an 6 Samhain 2008. Bronnadh an Duais mar gheall ar an tseirbhís **Naisc Leabharlainne** chuig úsáideoirí leabharlainne atá gafa sa teach. An Comh. Dara Murphy, Leas-Ardmhéara, a ghlac an trófaí thar ceann Chomhairle Cathrach Chorcaí/Leabharlanna Chathair Chorcaí. Rinne Valerie O'Sullivan, Stiúrthóir Seirbhísí, Áineasa, Conláiste & Cultúir, an Leas-Ardmhéara a thionlacan ag an searmanas i dteannta le foireann Leabharlann na Cathrach mar atá sa phictiúr.

C. go D. Foireann 'LibraryLink' Chomhairle Cathrach Chorcaí Gerda Ryan, Sineád Feely, agus John O'Sullivan.

Seirbhís Maor Pobail Seolta

Sheol Comhairle Cathrach Chorcaí seirbhís nua le cuidiú leis an gComhairle Cathrach agus le gníomhaireachtaí eile pobail áitiúla a fheabhsú, go sóisialta, agus ó thaobh na timpeallachta. Tá sé mar aidhm ag an scéim spiorad an phobail a chothú, aire a thabhairt don timpeallacht áitiúil agus í a fheabhsú agus muinín an phobail a ardú.

I dtósach, fuarthas maoiniú tríd an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúl le seisear Maor Pobail a cheapadh chun díriú ar cheantair ACPIT na cathrach atá sa chlár um Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID), is iad sin Fearann an Rí, Cnoc an Aonaigh agus Garrán na mBráthar - Cnoc na hAoine, Cnoc an Chuilinn, Cnoc na Cille - An Linn Dhubh, An Gleann, An Gort Álainn - An Tóchar, Machain.

Beidh gach maor lonnaithe go háitiúil agus beidh sé ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha chun tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil nuair is gá.

Cuideoidh na maoir le tionscnaimh áitiúla agus beidh sé réamhghníomhach agus ócáidí á n-eagrú, le glanadh suas, le grúpaí cónaitheoirí agus cainteanna á dtabhairt do scoileanna agus grúpaí eile – ionas go gcuideofaí leis an timpeallacht áitiúil a fheabhsú.

Beidh siad le feiceáil fosta sa cheantar áitiúil, ag siúl thart, ag bualadh le daoine – ag déanamh monatóireachta agus ag tuairisciú ar cheisteanna údaráis áitiúil, ar nós dumpáil bruscair, trácht, feithiclí tréigthe agus ag dul i mbun gníomhaíochta forfheidhmithe nuair is féidir.

Bhí tionchar mór ag na maoir cheana ar an timpeallacht áitiúil trí chinntiú go dtugtar faoi chlár glanta graifítí €120,000 sa cheantair RAPID go héifeachtach agus i gcomhairle le cónaitheoirí áitiúla.

Idirnáisiúnta - Caidrimh

Tionscadal Scoileanna Chorcaí/Shanghai

I ndiaidh gur éirigh chomh geal sin le cuairt i 2007 ag scoileanna Chorcaí ar a gcomhghleacaithe i gceantair Changning, Lu Wan agus Zhabei i Shanghai, bhí athchuairt ann ón 30 Meán Fómhair go 7 Deireadh Fómhair 2008. Mar bhuaicphointe bhí searmanas foirmiúil ann chun Meamram Tuisceana a shíniú idir na naoi scoil Shanghai agus na naoi scoil Chorcaí ar an 3 Deireadh Fómhair agus tharla sé ar an Lá Saoire Náisiúnta le haghaidh Dhaon-Phoblacht na Síne.

D'fhreastail 600 páiste scoile áitiúla ar an searmanas i Halla na Cathrach, agus rinne an tAire Gnothaí Eachtracha, Micheál Martin TD, aitheasc dó. Rinne gach ceann de scoileanna Chorcaí taispeántas gairid idir cheol traidisiúnta na hÉireann, damhsa, amhránaíocht agus taispeántais eile. Táthar ag súil leis go gcuideoidh an leibhéal seo gníomhaíochta leis an gcaidreamh gníomhach ó shaoránach go saoránach a chur chun cinn a d'eascair as an gcaidreamh Deirfiúr-Chathair idir Shanghai agus Corcaigh. Bhuail múinteoirí Shanghai fosta leis an Aire Oideachais & Eolaíochta, Batt O'Keefe TD, ar cuairt chuig Réadlann Chaiseláin na Carraige Duibhe.

Ms. Sun Wei Min, Scoil Mheánach Shanghai Heng Feng, Ceantar Zhabei (nasctha le SN Buachaillí Scoil Mhuire) sa phictiúr le Pat Ledwidge, Stiúrthóir Seirbhísí, Na Dugaí agus An Ardmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais.

Tugann Toscaireacht Chorcaí cuairt ar Cologne

I nDeireadh Fómhair 2008, thug toscaireacht ó Chorcaigh cuairt ar Cologne chun freastal ar Shearmanais Chathartha a bhí á n-óstáil i gCathair Cologne chun ceiliúradh a dhéanamh ar a gClár láidir leanúnach Eamhnaithe. Tá 21 Comhaontú Idirnáisiúnta Eamhnaithe ar bun ag Cologne agus tharla cuairt Thoscaireacht Chorcaí ag an am céanna leis an 20ú Comóradh Bliana le heamhnú Chorcaí leis an gCathair Ghearmánach

Ag an lón (sa phictiúr D go C): An Comh. Mairin Quill agus Herr Peter Wolf ó Oifig na nGnóthaí Idirnáisiúnta, Stadt Koln agus duais á bronnadh air ó Leas-Ardmhéara, An Comh. Dara Murphy.

42ú Cluichí Idirnáisiúnta do Pháistí in San Francisco

Tá Cathair Chorcaí cleamhnaithe le San Francisco ó 1984.
Go luath i 2008, thug Oifig Mhéara San Francisco cuireadh do Chathair Chorcaí toscaireacht a chur chuig an 42ú Cluichí Idirnáisiúnta do Pháistí. Is iad na Cluichí, atá ceadaithe ag an gCoiste Idirnáisiúnta Oilimpeach, an t-aon ócáid domhanda aclaíochta don Óige a chuireann spóirt, cláir oideachais agus malartú cultúrtha a bhfuil síocháin taobh thiar de le chéile. Ócáid spóirt ar mhórscála is ea na Cluichí, a nglacann 1800 lúthchleasaí ó bhreis agus 50 tír páirt iontu, agus iad san iomaíocht i 8 spórt dhifriúla.

D'eisigh Comhairle Cathrach Chorcaí, trína hOifigeach Forbartha Spóirt, cuiridh chuig eagraíochtaí éagsúla spóirt, agus sa deireadh thiar socraíodh go rachadh foireann cailíní scoile ó Shraith Sacair na mBan agus na gCailíní Scoile Chorcaí go San Francisco le páirt a ghlacadh sna Cluichí, a bhí ann ón 10 go 15 Iúil, 2008.

Sular imigh siad, thug foireann d'ochtar imreoirí, lena gcóistí, cuairt chúirtéise ar an Ardmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais a ghuígh gach rath orthu sa chomórtas.

Go luath i 2008, thug Oifig Mhéara San Francisco cuireadh do Chathair Chorcaí toscaireacht a chur chuig an 42ú Cluichí Idirnáisiúnta do Pháistí. Is iad na Cluichí, atá ceadaithe ag an gCoiste Idirnáisiúnta Oilimpeach, an t-aon ócáid domhanda aclaíochta don Óige a chuireann spóirt, cláir oideachais agus malartú cultúrtha a bhfuil síocháin taobh thiar de le chéile. Ócáid spóirt ar mhórscála is ea na Cluichí, a nglacann 1800 lúthchleasaí ó bhreis agus 50 tír páirt iontu, agus iad san iomaíocht i 8 spórt dhifriúla.

D'eisigh Comhairle Cathrach Chorcaí, trína hOifigeach Forbartha Spóirt, cuiridh chuig eagraíochtaí éagsúla spóirt, agus sa deireadh thiar socraíodh go rachadh foireann cailíní scoile ó Shraith Sacair na mBan agus na gCailíní Scoile Chorcaí go San Francisco le páirt a ghlacadh sna Cluichí, a bhí ann ón 10 go 15 Iúil, 2008.

Sular imigh siad, thug foireann d'ochtar imreoirí, lena gcóistí, cuairt chúirtéise ar an Ardmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais, a ghuigh gach rath orthu sa chomórtas. Osclaíodh cuairt na foirne ar San Francisco le fáiltiú iontach a thug coiste dheirfiúr-chathair Chorcaí ag Ionad Cultúrtha na hÉireann agus bhronn an t-óstach, Diarmuid Philpott, teastais ar an bhfoireann. An lá dar gcionn, thug an fhoireann cuairt ar Emer Deane agus a foireann i gConsalacht na hÉireann.

D'éirigh go geal leis an bhfoireann ag na Cluichí agus bhain siad barr a ngrúpa amach mar gur bhain siad gach cluiche linne s'acu. Lean siad ar aghaidh chuig na cluichí leathcheannais go bhfuair siad an bua ar Los Gatos. Sa chluiche ceannais bhí siad in éadan San Mateo, foireann a bhfuil ardchlú orthu. Buaileadh an fhoireann i ndiaidh ciceanna pionóis, ach bhí siad thar a bheth sásta gur bhain siad boinn airgid.

Cúis bhróid don Chathair, dá scoileana agus, go deimhin, dá dtuismitheoirí ba ea na himreoirí le linn an turais agus fuair siad adhmholadh óna bhfeitheoirí. Thug an fhoireann cuairt chúirtéise ar an Ardmhéara ar philleadh dóibh. Thug an tArdmhéara adhmholadh dóibh mar gheall ar an éacht a rinne siad agus iad san áit thanáisteach sa chomórtas. Mhol sé an dearcadh agus an t-iompar s'acu agus go háirithe an dóigh ar chaith siad leo féin mar ambasadóirí na cathrach.

Thug an fhoireann cúirt chúirtéise ar an Ardmhéara roimh an turas go San Francisco

Tugann cuairteoirí iomráiteacha cuairt ar an Ardmhéara

Thug Uachtaran Phoblacht na Seice, An Soilse, Václav Klaus, agus a bhean, Livia, cuairt chúirtéise ar Halla na Cathrach i gCorcaigh, ar an gCéadaoin, 12 Samhain 2008 mar chuid de chuairt Stáit trí lá go hÉirinn. Tá an tUachtarán sa phictiúr thuas ag síniú Leabhar na gCuairteoirí leis an Leas-Ardmhéara, An Comh. Patricia agus Joe Gavin.

Ambasadóir na Sile, An Soilse, Cecilia MacKenna, ag síniú Leabhar na gCuairteoirí don Ardmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais i láthair John O'Donovan, Gnóthaí Corparáideacha, agus Bean an Mhéara Elma Bermingham nuair a thug sí cuairt chúirtéise i Mí Iúil, 2008

Ambasadóir na Seice, An Soilse,Tomás Kafka, ag síneadh Leabhar na gCuairteoirí ar son an Ardmhéara, Comh. Brian Mac Fheorais, i láthair Paul Moynihan, Gnóthaí Corparáideacha, nuair a thug sé cuairt chúirtéise i mí Lúnasa, 2008.

An tArdmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais le hAmbasadóir na Síne, An Soilse, Liu Bieui, ag síniú Leabhar na gCuairteoirí nuair a thug sé cuairt chúirtéise i Lúnasa, 2008.

Ambasadóir an Iosrael, An Soilse, Zion Evrony, agus bronntanas á fháil aige ón Ardmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais le linn cuairt chúirtéise i Meán Fómhair 2008

Ardmhéara Bhéal Feirste, An Comh. Tom Hartley le linn cuairt chúirtéise i nDeireadh Fómhair 2008 ar Halla na Cathrach ag scrúdú scrolla Ardmhéara Chorcaí i gcuideachta Chomhairleoir Chontae Chiarraí Toireasa Ferris, Ardmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais agus An Comh. Annette Spillane agus An Comh. Jonathan O'Brien.

Na Duganna



Infhaighteacht Phlean Ceantair Áitiúil na nDuganna Theas 2008

Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna níos luaithe i mbliana. Leathnaíonn ceantar an phlean ó An Mhuiríne san oirthear go Sráid Ailbhe san iarthar agus istigh ann tá sealúchais ar Ché Albert Thoir, Cé Theach an Chustaim, Cé Uí Chinnéide, Bóthar na Páirce Láir, An Mhuiríne agus Bóthar Uí Mhuineacháin. Meastar go mbeidh pobal de 23,000 duine agus pobal oibre de 25,000 sa cheantar agus trí scoil nua, áis leighis, páirc fo-réigiúnach, agus súilbhealach poiblí cois abhann ó Ché Albert chuig an Mhuiríne. Is féidir an Plean a íoslódáil ó www.corkcity.ie/docklands, nó amharc air i leabharlann phoiblí ar bith i gComhairle Cathrach Chorcaí nó ag an Deasc Fáiltithe, Halla na Cathrach, le linn gnáthuaireanta oibre nó chun é a cheannach ar chostas €80 ón bPríomhdheasc Fáiltithe, Halla na Cathrach, Corcaigh.

Dearadh Réimse Poiblí Dhuganna Chorcaí agus Pháirc na Muiríne

Mar chéad chéim agus forbairt na nDúganna a thabhairt chun críche, is gearr go rachaidh Comhairle Cathrach Chorcaí i gcomhairle le comhairlaigh chun Réimse Poiblí an cheantair a dhearadh lena n-áireofar na príomhshráideanna agus an troscán/soilsiú srl. gaolmhar sráide, an ceantar conláiste cois abhann (Duganna Thuaidh agus Theas), páirceanna póca agus pláis agus chun Páirc Mhuiríne a dhearadh – mórpháirc foréigiúnach ina bhfuil 30 heicteár ann. Tá soláthar comhairleoirí le tosú i Samhain 2008 agus cuirfear deireadh le miondearaí i 2009. Meastar go gcosnóidh cur i bhfeidhm an dá thionscadal thart ar €100 billiún.

Féile don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil & 'Discovery'

Tugann **Fóram Foghlama Chathair Chorcaí** daoine le chéile a bhfuil baint acu le foghlaim ar gach leibhéal - idir bhunscoil agus ollscoil, fhoghlaimeoirí agus léachtóirí, lena n-áirítear grúpaí pobail agus soláthraithe oiliúna, agus súil acu 'cultúr na foghlama' i gCorcaigh a mhéadú. Roinneann baill den ghrúpa eolas agus bíonn siad ag obair le chéile chun gníomhaíochtaí a fhorbairt chun foghlaim a spreagadh agus chun tacaíocht a thabhairt di. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí tá 'Discovery - Cork's Interactive Science Exhibition' agus an Fhéile don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil.

Staidéar Dianmhachnaimh le Robert óg Keating

Spreagann **'Discovery'** rogha na hInnealltóireachta Eolaíochta agus Teicneolaíochta mar ábhair agus, sa deireadh, shlite beatha, trí thaispeáint do dhaoine idir 10-16 bliain d'aois go mbaineann SPRAOI agus CRAIC leis an eolaíocht. Agus é nasctha le Seachtain na hEolaíochta Éireann (Samhain 9-16), sa 4ú bliain den ócáid, thug breis agus 5,000 cuairt ar sheó Halla na Cathrach, agus d'fhreastail 4,000 eile ar ócáidí ar nós ceardlanna tógála róbat, turais 3D ar an ngrianchóras, dúshláin innealtóireachta agus seóanna draíochta na heolaíochta i scoileanna, i leabharlanna agus in áiteanna eile ar fud na cathrach. Cuireadh tús le hócáidí ag Halla na Cathrach ar an Domhach, 16 Samhain, le réamhthaispeántas corparáideach agus Lá Teaghlaigh. Seoladh é le sluaíocht na hidirbhliana 'BE ABLE' de chuid Pat Falvey, ghlac an 't-ollturas allamuigh' seo daoine óga ó gach cearn d'Éirinn chuig an Antartach - agus ina measc 2 mhac léinn ó Choláiste Pobail Terence MacSwiney. Gné eile speisialta faoin oscailt ba ea seoladh 'Stardome' Réadlann Chaisleán na Carragie Duibhe, pláinéadlann soghluaiste a bheidh ar fáil do scoileanna cuairte ón bhliain úr ar aghaidh.

Is í **Féile Chorcaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil** an t-aon ócáid amháin dá cuid in Éirinn, agus léiríonn sí agus déanann sí ceiliúradh ar fhoghlaim do gach aois, do gach ábhar suime agus do gach cumas. Ba í Féile 2008 an ceann ba mhó go dtí seo, agus breis agus 230 ócáid ann fud fad na cathrach – gach rud saor in aisce. Tharla ócáidí le linn na seachtaine in áiteanna éagsúla - idir pháirceanna agus ionaid siopadóireachta, áiseanna spóirt agus amharclanna, coláistí agus lárionaid teaghlaigh. Ina measc bhí díospóireacht ar Chonradh na Liospóine; seisiún faisnéise do dhaoine nua i gCorcaigh agus clár seachtaine d'ócáidí i gCeolscoil Nua ITC. Ghlac gach bráinse de Leabharlann na Cathrach agus gach gréasan Oideachais Phobail VEC páirt ann.

Má tá suim agat páirt a ghlacadh sa séú féile - 20 Márta go 5 Aibreán 2009 – déan teagmháil le Tina Neylon ar 4924527 nó learningfestival@corkcity.ie

Déanann Ionad Pobail Ard an Bhaile Ceiliúradh 10 mbliana

Rinne Ionad Pobail Ard an Bhaile ceiliúradh 10 mbliana ar an Aoine 11 Iúil 2008. Déanann foireann Chomhairle Cathrach Chorcaí bainistíocht air, agus is baile atá san fhoirgneamh d'oifig Tithíochta Cheantar Thoir Thuaidh na Comhairle Cathrach, do ghrúpa Litearthachta 'Write-On' VEC, do scéimeanna fostaíochta pobail FÁS agus chomh maith leis sin cuireann sé áit ar fáil do ghrúpaí pobail teacht le chéile.

Sampla maith is ea Ardbhaile faoin dóigh ar féidir le forbairt pobail athrú a dhéanamh i gceantar. Bhí ról láranach ag an Ionad Pobail ar an Ardbhaile, agus na gníomhaíochtaí atá lonnaithe anseo ach go háirithe, chun tionscnaimh phobail a fhorbairt agus a spreagadh anseo. Cuireann sé seo uile, in éineacht le hathchóiriú stoc na tithíochta sóisialta ag Comhairle Cathrach Chorcaí, le timpeallacht níos fearr do chách. D'aithin An tArdmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais agus Bainisteoir na Cathrach, Joe Gavin, an méid a chuir an pobal i gnocán an Aonaigh leis seo.

"Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an bpobal áitiúil, le cónaitheoirí agus le grúpaí pobail agus le foireann na Comhairle Cathrach', arsa an tArdmhéara, "mar go ndearna siad teimpléad den Ardbhaile ad'fhéafadh go leor a leanúint, faoin dóigh is féidir le hidirghníomhaíocht dhearfach idir gach a bhfuil páirteach níos mó ná mar atá ann a sholáthar i gclár beoga, éifeachtach agus rannpháirtíoch agus é le leas an phobail. I ndiaidh sheoladh an Ardmhéara ar a 11.00 r.n, bhí clár iomlán d'ócáidí le haghaidh Lá Spraoi an Teaghlaigh, lenar áiríodh an seabhcóir, Samantha Murphy, a rinne sárthaispeántas le fabhcúin agus le hulacabhán óg. Bhí péintéireacht aghaidhe, seóanna puipéad agus scéalaíocht ann, múnlú balún, dioscó le cluichí cóisire agus preabchaisleán ann sa deireadh. Lá a rachaidh sa táin.

Sa phictiúr ag an Taispeántas Seabhcóireachta, D go C: An Comh. Annette Spillane, Ainta Lenihan, Tithíocht & Pobal, Ardmhéara, An Comh. Brian Mac Fheorais, Niamh Carmody agus Samantha Murphy ó Ravenstone Bird Control, An Comh. Dara Murphy, Bean an Ardmhéara Elma Bermingham agus Joe Gavin, Bainisteoir na Cathrach.

Eolas ar an Nollaig agus ar an mBliain Nua

BAILIÚCHÁN D'ÁBHAR TIRIM IN-ATHCHÚRSÁILTE

Ar mhaithe le do Shláinte agus Shábháilteacht agus Sláinte agus Sábháilteacht Chriú Bailithe Chomhairle Cathrach Chorcaí, ná cuir níos mó ná 12kg (26llbs) de mhéachan, le do thoil, i do mhála d'ábhar tirim in-athchúrsáilte.

TÁ

Páipéar measctha, nuachtáin, irisleabhair agus bróisiúir ghlana
Cairtchlár glan
Cannaí nite ólacháin (alúmanam)
Cannaí nite bia (stáin)
Umair do dheochanna Páipéir/Cairtchláir nite
(cartáin bhainne agus sú)
Buidéil phlaisteacha agus árthaí nite

NÍL

Gloine
Bia/ Dramhaíl Ghlas
Dramhaíl fhluich/shalach
Dramhaíl Sláintíochta
Polaistíréin
Scragall
Pácaistiú bia smálaithe
Aerasóil
Leabhair
Timfhillte plaisteacha

PÁIRCEÁIL AGUS TAISTEAL

Páirceáil & Taisteal Halla na Chontae

Tosaíonn Páirceail & Taisteal Halla an Chontae ar an Sath. 19 Samhain agus bíonn sé i bhfeidhm ar an Satharn agus ar an Domhnach go dtí an 21 Nollaig.
Seirbhís an tSathairn: **09:30 go 18:15**
Seirbhís an Domhnaigh: **10:30:00 go 18:15**
Bíonn busanna ann gach 15 nóiméad agus téann siad ó Halla an Chontae chuig an bPríomhshráid Thuaidh.

Páirceáil agus Taisteal Bhóthar na Luatha Duibhe

Tosaíonn seirbhís an Domnhaigh ó Páirceáil agus Taisteal Bhóthar na Luatha Duibhe ón Domhnach 30 Samhain agus bíonn sé i bhfeidhm ó gach Domnhach go 21 Nollaig.
Téann an tseirbhís ann ó **11.00 go 19.15** agus bíon busanna ar fáil gach 15 nóiméad.
Beidh Páirceáil agus Taisteal Bhóthar na Luatha Duibhe **dúnta** ar an 25 & 26 Nollaig agus ar an 1 Eanáir.

Carrchlós Shráid Phóil

Cuirfidh Carrchlós Shráid Phóil uaireanta breise oscailte i bhfeidhm gach Domhnach mar a leanas:
30 Samhain. 7, 14, 21 Nollaig.: **09:00 go meánoíche**
Druidfear an Carrchlós ar an **18.30** ar an gCéadaoin. 24ú agus Céadaoin. 31 Nollaig
Beidh Carrchlós Shráid Phóil **dúnta** ar an 15 & 26 Nollaig agus ar an 1 Ean.

Carrchlós na Príomhshráide Thuiadh

Seo a leanas an dóigh a bhfeidheomfar Carrchlós na Príomhshráide Thuaidh:
Domh. 16 & 23 Samhain.: **11:00 go 18:30**
Domh. 30 Samh. agus 7 & 14 Noll.: **09:00 go 18:30**
Domh. 21 Noll.: **08:00:00 go 18:30:00**
Beidh Carrchlós Shráid Phóil **dúnta** ar an 25 & 26 Nollaig agus ar an 1 Ean.

Bailiú Dramhaíola & Socruithe Diúscartha

Bailiú Dramhaíola (lena n-áirítear Ábhar Tirim In-Athchúrsáilte)

Gnáthdháta Bailiúcháin	Dáta leasaithe Bailiúcháin
An Luan, 22 Nollaig, 2008	An Satharn, 20 Nollaig, 2008
An Mháirt, 23 Nollaig, 2008	An Luan, 22 Nollaig, 2008
An Chéadaoin, 24 Nollaig, 2008	An Mháirt, 23 Nollaig, 2008
An Déardaoin, 25 Nollaig, 2008	An Chéadaoin, 24 Nollaig, 2008
An Aoine, 26 Nollaig, 2008	An Satharn, 27 Nollaig, 2008
An Luan, 29 Nollaig, 2008	ATHRÚ AR BITH
An Mháirt, 30 Nollaig, 2008	ATHRÚ AR BITH
An Chéadaoin, 31 Nollaig, 2008	ATHRÚ AR BITH
An Déardaoin, 1 Eanáir, 2009	An Aoine, 2 Eanáir, 2009
An Aoine, 2 Eanáir, 2009	An Satharn, 3 Eanáir, 2009

Ba chóir Araidí Rothaí nó Málaí d'Ábhar Tirim In-Athchúrsáilte Tirim, ag brath ar an mbailiúchán cuí, a chur ar fáil faoi 7.00 r.n maidin an bhailithe lena bheith cinnte go mbailítear iad.

LÁITHREÁN LÍONTA TALÚN, BÓTHAR CHIONN tSÁILE, UAIREANTA OSCAILTE

An Luan, 22 Nollaig, 2008	8.00 r.n. go 3.45 i.n.
An Mháirt, 23 Nollaig, 2008	8.00 r.n. go 3.45 i.n.
An Chéadaoin, 24 Nollaig, 2008	8.00 r.n. go 3.45 i.n.
An Déardaoin, 25 Nollaig, 2008	DÚNTA
An Aoine, 26 Nollaig, 2008	DÚNTA
An Satharn, 27 Nollaig, 2008	8.00 r.n. go 12.45 i.n.
An Domhnach, 28 Nollaig, 2008	DÚNTA
An Luan, 29 Nollaig, 2008	8.00 r.n. go 3.45 i.n.
An Mháirt, 30 Nollaig, 2008	8.00 r.n. go 3.45 i.n.
An Chéadaoin, 31 Nollaig, 2008	8.00 r.n. go 3.45 i.n.
An Déardaoin, 1 Eanáir, 2009	DÚNTA
An Aoine, 2 Eanáir, 2009	Tús le gnáthuaireanta oscailte